An Roinn Oideachais
Department of Education

Ciorclán 0059/2024

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna,
na Meánscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha
Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

An Scéim Saoire Tuismitheora do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna Aitheanta

De bhun na cumhachta atá in alt 24 den Acht Oideachais (arna leasú), ordaíonn an tAire Oideachais d'fhostóirí na nósanna imeachta atá luaite a chur chun feidhme do chúntóirí incháilithe riachtanas speisialta atá fostaithe i bpoist cheadaithe a chistítear le hairgead ón Oireachtas.

Ní mór do gach fostóir agus do gach cúntóir riachtanas speisialta cloí leis na téarmaí agus coinníollacha comhaontaithe atá luaite, le héifeacht láithreach.

Gabhann an Ciorclán seo ionad Chiorclán 0051/2022 dar teideal 'An Scéim Saoire Tuismitheora do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna Aitheanta'.

Cinntigh go dtarraingeofar aird na mball uile den Bhord Bainistíochta/de Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus aird na gcúntóirí riachtanas speisialta uile atá fostaithe agat, lena n-áirítear iad sin atá as láthair le cead, ar a bhfuil sa Chiorclán seo.

Ba cheart gach ceist a chur ar dtús ar an bhfostóir, ar féidir go mbeidh sé ag iarraidh dul i gcomhairle lena eagraíocht ionadaíoch ina leith. Féadfar aon cheisteanna eile a chur ar an Roinn ach ríomhphost a chur chuig na seoltaí seo a leanas:

a) Ceisteanna maidir leis na téarmaí agus coinníollacha do Shaoire Tuismitheora:- teachersna@education.gov.ie
b) Ceisteanna maidir le saoire a thaifeadadh ar an gCóras Éileamh ar Líne:- onlineclaims@education.gov.ie
c) Ceisteanna maidir le tuarastal:- Foirm Fiosrúcháin Párolla (education.gov.ie)

Is féidir an Ciorclán seo a rochtain ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag www.gov.ie.

James Walsh
Príomhoifigeach
An Rannán Téarmaí agus Coinníollacha - Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta

16 Iúil 2024

Clár Ábhar

Sainmhínithe agus Giorrúcháin 3

1. An Scéim Saoire Tuismitheora 5

2. Teidlíocht i leith Saoire Tuismitheora 5

3. Socruithe Eisceachtúla do mhí Lúnasa 2024 6

4. Socruithe Pá agus Sochar Tuismitheora 7

5. Nósanna Imeachta Iarratais 7

6. Saoire a Thaifeadadh 8

7. Seicheamh na gCineálacha Saoire 8

8. Stádas le linn Saoire Tuismitheora 9

9. Cúntóir Riachtanas Speisialta Ionaid 10

10. Fostaíocht le linn Saoire Tuismitheora a Thógáil 10

11. Saoire Tuismitheora a thosú de bharr luí seoil luath 10

12. Saoire Tuismitheora a chur ar atráth i gcás go mbeidh an Dáta Breithe nó an Lá Suímh níos déanaí ná mar a bhíothas ag súil leis 10

13. Saoire Tuismitheora a Chur ar Atráth de bharr an Leanbh a Bheith san Ospidéal 10

14. Saoire Tuismitheora á Cur ar Atráth ag an bhFostóir 11

15. Teidlíocht i leith Saoire Tuismitheora ar Bhás Tuismitheora Iomchuí 12

16. Teidlíocht i leith Saoire Tuismitheora ar Bhás an Linbh 12

17. Teidlíochtaí Saoire do Cheapacháin Téarma Shocraithe/Chuspóra Shocraithe 12

18. Asbhaintí Deonacha 12

19. Comhlíonadh 13

20. Cosaint Sonraí 13

Aguisín A - Foirm Iarratais ar Shaoire Tuismitheora 14

Sainmhínithe agus Giorrúcháin

Chun críche an Chiorcláin seo, beidh an bhrí a shanntar dóibh leis na téarmaí seo a leanas, ach amháin i gcás go léireoidh an comhthéacs a mhalairt:

Lá Suímh – ciallaíonn sé seo an lá a dhéantar leanbh, atá uchtaithe nó atá le huchtú, a shuíomh go fisiciúil faoi chúram an tuismitheora iomchuí d'fhonn an leanbh a uchtú nó, i gcás uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát i gcás nach ndearnadh an leanbh a shuíomh faoi chúram an tuismitheora uchtála iomchuí roimhe sin, an lá a dhéantar an leanbh a shuíomh amhlaidh tar éis na huchtála.

RCS – ciallaíonn sé seo an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Fostóir – i gcás bunscoileanna (seachas pobalscoileanna náisiúnta), meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha, ciallaíonn sé seo Bord Bainistíochta/Bainisteoir agus, i gcás gairmscoileanna/coláistí pobail agus pobalscoileanna náisiúnta, ciallaíonn sé seo Bord Oideachais agus Oiliúna (ETB). Féadfaidh an Bord Bainistíochta/an Bainisteoir nó an Bord Oideachais agus Oiliúna freagracht as nithe atá leagtha amach sa Chiorclán seo a tharmligean, de réir mar is cuí.

ETB – ciallaíonn sé seo Bord Oideachais agus Oiliúna.

An Córas Éileamh ar Líne – ciallaíonn sé seo an córas a úsáidtear chun neamhláithreachtaí a thaifeadadh agus chun éilimh a chur isteach lena n-íoc le cúntóirí páirtaimseartha riachtanas speisialta ionaid agus neamhrialta. Tá an córas i bhfeidhm i mbunscoileanna, i meánscoileanna deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha faoi láthair.

Pámháistir – ciallaíonn sé seo an eagraíocht atá i gceannas ar thuarastail a íoc. Is í an Roinn Oideachais an pámháistir i gcás cúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna (lena n-áirítear i bpobalscoileanna náisiúnta), i meánscoileanna deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha, agus is iad na Boird Oideachais agus Oiliúna an pámháistir i gcás cúntóirí riachtanas speisialta i ngairmscoileanna/i gcoláistí pobail.

ÁSPC – ciallaíonn sé seo Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa.

Uchtaitheoir Cáilitheach – ciallaíonn sé seo, i ndáil le leanbh atá uchtaithe, nó atá le huchtú, an t-uchtaitheoir cáilitheach, de réir bhrí Acht 1995 (arna leasú leis an Acht um Shaoire Theaghlaigh agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2021) de chuid an linbh agus folaíonn sé, chun críocha an Chiorcláin seo, duine a bheadh ina uchtaitheoir cáilitheach nó ina huchtaitheoir cáilitheach murach nach fostaí é nó í.

Scoil Aitheanta – ciallaíonn sé seo scoil atá aitheanta ag an Aire Oideachais de réir alt 10 den Acht Oideachais, 1998.

Tuismitheoir Iomchuí – mar atá sainmhínithe i míreanna 1.3 agus 1.4 den Chiorclán seo.

Scoilbhliain – ciallaíonn sé seo an tréimhse a shaineoidh an tAire Oideachais ó am go chéile. San am i láthair, tosaíonn sí an 1 Meán Fómhair agus críochnaíonn sí an 31 Lúnasa.

CRS – ciallaíonn sé seo Cúntóir Riachtanas Speisialta.

Tuismitheoir Marthanach – ciallaíonn sé seo tuismitheoir de réir bhrí an Achta um Shaoire agus Sochar Tuismitheora, 2019.

An Roinn – ciallaíonn sé seo an Roinn Oideachais.

Saoire Atharthachta aistrithe – ciallaíonn sé seo Saoire Atharthachta de réir alt 15 den Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016.

Saoire Tuismitheora aistrithe – ciallaíonn sé seo Saoire Tuismitheora de réir alt 16 den Acht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora, 2019.

1. An Scéim Saoire Tuismitheora

1.1 Rialáiltear an Scéim Saoire Tuismitheora leis an Acht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora, 2019, arna leasú.

1.2 Tá Saoire Tuismitheora ar fáil don tuismitheoir iomchuí chun é/í a chumasú cúram a thabhairt don leanbh nó cabhrú le cúram a thabhairt don leanbh.

1.3 Ciallaíonn an téarma 'tuismitheoir iomchuí', i ndáil le leanbh (faoi réir mhír 1.4 den Chiorclán seo), cúntóir riachtanas speisialta:-

(i) ar tuismitheoir leis an leanbh é/í
(ii) ar céile, páirtnéir sibhialta nó comháitritheoir aon tuismitheora leis an leanbh é/í
(iii) ar tuismitheoir leis an leanbh é/í faoi alt 5 den Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015, i gcás gur leanbh deontóir-ghinte é/í an leanbh de réir bhrí Chuid 2 den Acht sin.

1.4 I gcás leanbh atá uchtaithe nó atá le huchtú, ciallaíonn an téarma 'tuismitheoir iomchuí' cúntóir riachtanas speisialta:-

(i) ar uchtaitheoir cáilitheach an linbh é/í, agus
(ii) ar céile, páirtnéir sibhialta nó comháitritheoir, de réir mar a bheidh, uchtaitheoir cáilitheach an linbh é/í.

2. Teidlíocht i leith Saoire Tuismitheora

2.1 Tá cúntóir incháilithe riachtanas speisialta, ar tuismitheoir iomchuí le leanbh a rugadh nó a uchtaíodh an 1 Samhain 2019 nó tar éis an dáta sin é/í, i dteideal leas a bhaint as Saoire Tuismitheora.

2.2 I gcás go mbainfear leas as Saoire Tuismitheora, ní mór í a thógáil laistigh de 24 mhí (dhá bhliain) ó dháta breithe an linbh nó, i gcás uchtála, ó lá suímh an linbh, ach amháin i gcás cur ar atráth, ar ina leith a fhéadfar an tsaoire a fhadú níos faide ná an tréimhse dhá bhliain, de réir mhír 13 agus mhír 14 den Chiorclán seo.

2.3 Ón 1 Aibreán 2021, ba é an teidlíocht Saoire Tuismitheora do thuismitheoir iomchuí ná cúig seachtaine ar a mhéad, rud a méadaíodh go seacht seachtaine le héifeacht ón 1 Iúil 2022.

2.4 Ón 1 Lúnasa 2024, méadófar an teidlíocht Saoire Tuismitheora go naoi seachtaine do thuismitheoir iomchuí. Níl an tuismitheoir le leanbh a rugadh nó a uchtaíodh idir an 1 Samhain 2019 agus an 31 Iúil 2022 incháilithe don tSaoire Tuismitheora dhá sheachtain sa bhreis.

2.5 I gcás gur bhain cúntóir riachtanas speisialta leas as a t(h)eidlíocht seacht seachtaine cheana féin roimh an 1 Lúnasa 2024, féadfaidh sé/sí iarratas a dhéanamh chuig a f(h)ostóir ar shaoire dhá sheachtain sa bhreis ar choinníoll go gcomhlíonfar na critéir incháilitheachta.

2.6 Féadfar Saoire Tuismitheora a thógáil mar a leanas:-

(a) tréimhse leanúnach naoi seachtaine (i.e., 63 lá as a chéile, lena n-áirítear deirí seachtaine, laethanta dúnta scoile agus laethanta nach bhfuil

cúntóir riachtanas speisialta le bheith i láthair de réir an tráthchláir laistigh den tréimhse sin)
(b) naoi gcinn de bhloic aon seachtaine nó
(c) aon chomhcheangal, faoi réir iomlán comhcheangailte de naoi seachtaine.
Tá feidhm ag an méid sin maidir le cúntóirí riachtanas speisialta postroinnte freisin.

2.7 Ní mór gach tréimhse de Shaoire Tuismitheora a bheith cothrom le fad íosta seacht lá as a chéile, lena n-áirítear deirí seachtaine, laethanta dúnta scoile agus laethanta nach bhfuil cúntóir riachtanas speisialta le bheith i láthair de réir an tráthchláir laistigh den tréimhse sin.

2.8 I gcás gur cuid d'ilbhreith í breith linbh, nó go ndéanfaidh cúntóir riachtanas speisialta beirt leanaí nó níos mó a uchtú an tráth céanna, ní bheidh an cúntóir riachtanas speisialta i dteideal Saoire Tuismitheora is faide ná naoi seachtaine.

2.9 Ní fhéadfar Saoire Tuismitheora a aistriú idir tuismitheoirí iomchuí, ach amháin ar bhás aon tuismitheora, amhail dá dtagraítear i mír 15 den Chiorclán seo.

3. Socruithe Eisceachtúla do mhí Lúnasa 2024

3.1 Ba an 21 Meitheamh 2024 a foilsíodh an reachtaíocht (I.R. Uimh. 300/2024) lena ndéantar socrú don tSaoire Tuismitheora dhá sheachtain sa bhreis ón 21 Lúnasa 2024.

3.2 Mar gheall ar dháta foilsithe na reachtaíochta, is féidir nach mbeidh fostóir in ann iarratas ó chúntóir riachtanas speisialta ar an tSaoire Tuismitheora dhá sheachtain sa bhreis a cheadú i gcás go mbeidh sé beartaithe an tSaoire a thosú i mí Lúnasa/i mí Mheán Fómhair 2024. Is amhlaidh atá toisc nach féidir an ceanglas spriocdháta iarratais íosta sé seachtaine atá leagtha amach i mír 5.1 den Chiorclán seo a chomhlíonadh.

3.3 In imthosca ina slánóidh an leanbh dhá bhliain d'aois nó ina mbeidh an leanbh uchtaíoch suite leis an gcúntóir riachtanas speisialta le dhá bhliain i mí Lúnasa/i mí Mheán Fómhair 2024, féadfar fadú 12 sheachtain a éascú chun an cúntóir riachtanas speisialta a chumasú leas a bhaint as an teidlíocht Saoire Tuismitheora dhá sheachtain sa bhreis.

3.4 Tosóidh an fadú 12 sheachtain sin ó dháta tosaithe beartaithe bunaidh na Saoire Tuismitheora i mí Lúnasa/i mí Mheán Fómhair. Ní mór dáta tosaithe beartaithe na Saoire Tuismitheora a bheith tráth nach déanaí ná dhá sheachtain roimh dhara breithlá an linbh nó roimh an tráth a bheidh an leanbh uchtaíoch suite leis an gcúntóir riachtanas speisialta le dhá bhliain. Ní mór leas a bheith bainte as an tréimhse cheadaithe Saoire Tuismitheora, agus í a bheith úsáidte go hiomlán, sula rachaidh an fadú 12 sheachtain in éag.

Seo a leanas samplaí de sin:-

- Beidh leanbh le cúntóir riachtanas speisialta dhá bhliain d'aois an 31 Lúnasa 2024. Is mian leis an gcúntóir riachtanas speisialta leas a bhaint as an tSaoire Tuismitheora dhá sheachtain ón 16 Lúnasa 2024. Níl an fostóir in ann an tSaoire Tuismitheora a cheadú mar gheall ar an gceanglas fógra íosta sé seachtaine. Féadfar an fadú 12 sheachtain a chur i bhfeidhm sa chás seo, ach ní mór leas a bheith bainte as an teidlíocht Saoire Tuismitheora, agus í a bheith úsáidte go hiomlán, roimh an 7 Samhain 2024.

- Beidh leanbh uchtaíoch le cúntóir riachtanas speisialta suite le cúntóir riachtanas speisialta le dhá bhliain an 17 Meán Fómhair 2024. Is mian leis an gcúntóir riachtanas speisialta leas a bhaint as an tSaoire Tuismitheora dhá sheachtain ón 2 Meán Fómhair 2024. Níl an fostóir in ann an tSaoire Tuismitheora a cheadú mar gheall ar an gceanglas fógra íosta sé seachtaine. Féadfar an fadú 12 sheachtain a chur i bhfeidhm sa chás seo, ach ní mór leas a bheith bainte as an teidlíocht Saoire Tuismitheora, agus í a bheith úsáidte go hiomlán, roimh an 24 Samhain 2024.

3.5 Maidir le Sochar Tuismitheora, ba cheart don chúntóir incháilithe riachtanas speisialta teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí go díreach ag parentsben@welfare.ie.

3.6 Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mbeidh an fadú 12 sheachtain ag teastáil i gcás go mbeidh fostóir sásta neamhaird a thabhairt ar na ceanglais spriocdháta iarratais dá dtagraítear i mír 5.1 den Chiorclán seo agus an cúntóir riachtanas speisialta a éascú leas a bhaint as an tSaoire Tuismitheora laistigh den tréimhse teidlíochta dhá bhliain dá dtagraítear i mír 2.2 den Chiorclán seo.

4. Socruithe Pá agus Sochar Tuismitheora

4.1 Ní íocfaidh an Pámháistir aon luach saothair le linn thréimhse na Saoire Tuismitheora.

4.2 Faoin Acht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora, 2019, is féidir go mbeidh cúntóir riachtanas speisialta i dteideal Sochar Tuismitheora a fháil ón Roinn Coimirce Sóisialaí le linn na tréimhse saoire sin.

4.3 Chun leas a bhaint as Sochar Tuismitheora, ní mór don chúntóir riachtanas speisialta iarratas a dhéanamh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí. Ní mór don chúntóir riachtanas speisialta an t-iarratas sin a chur chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí ceithre seachtaine ar a laghad roimh dháta tosaithe na saoire. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil anseo.

4.4 Ioncam inchánach is ea íocaíocht Sochair Tuismitheora.

5. Nósanna Imeachta Iarratais

5.1 Ba cheart don chúntóir riachtanas speisialta iarratas ar Shaoire Tuismitheora a dhéanamh chuig a f(h)ostóir (nó é a chur isteach trí chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann, nuair is infheidhme) sé

seachtaine ar a laghad roimh an dáta tosaithe beartaithe ach úsáid a bhaint as an bhFoirm Iarratais in Aguisín A den Chiorclán seo.

5.2 Maidir le cúntóir riachtanas speisialta a bheidh ag déanamh iarratas ar bhloic ar leith de Shaoire Tuismitheora, féadfaidh sé/sí Foirm(eacha) Iarratais ar leith a chur isteach (nó í/iad a chur isteach trí chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann, nuair is infheidhme) i gcás nach mbeidh na dátaí iomchuí uile cinnte tráth an iarratais tosaigh.

5.3 Féadfaidh cúntóir riachtanas speisialta iarratas a dhéanamh ar an iarratas uaidh/uaithi ar Shaoire Tuismitheora a chúlghairm. Ba cheart don chúntóir riachtanas speisialta fógra i scríbhinn a thabhairt dá f(h)ostóir faoi sin a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná cúig seachtaine roimh dháta tosaithe beartaithe na Saoire Tuismitheora. I gcás go dtabharfar fógra déanach don fhostóir á iarraidh go gcúlghairfí Saoire Tuismitheora, is féidir go mbeidh moill ann ar íocaíocht tuarastail a dhéanamh leis an gcúntóir riachtanas speisialta.

6. Saoire a Thaifeadadh

6.1 Ní mór don fhostóir gach Saoire Tuismitheora cheadaithe a thaifeadadh ar bhealach tráthúil ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann. Is féidir go dtiocfaidh ró-íocaíochtaí tuarastail as aon mhainneachtain déanamh amhlaidh. Ar an gCóras Éileamh ar Líne, taifeadtar Saoire Tuismitheora faoin teideal ‘Saoire Teaghlaigh’ agus ansin faoin bhfochatagóir dar teideal ‘Saoire Tuismitheora’.

6.2 I gcás go ndéanfar ró-íocaíocht tuarastail mar gheall ar chúntóir riachtanas speisialta a bheith ag baint leas as Saoire Tuismitheora, aisghabhfar an ró-íocaíocht ina hiomláine ó íocaíochtaí tuarastail a gheobhaidh an cúntóir riachtanas speisialta amach anseo, ar aon dul leis na nósanna imeachta comhaontaithe foilsithe a bheidh i bhfeidhm ag an Roinn ag an am iomchuí.

6.3 Is ar an gcúntóir riachtanas speisialta a bheidh an fhreagracht deiridh as a chinntiú gur cruinn atá an fhaisnéis atá tugtha san iarratas uaidh/uaithi ar shaoire. Mar an gcéanna, is ar an bhfostóir a bheidh an fhreagracht as a chinntiú go bhfuil an tsaoire cheadaithe atá taifeadta ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann ag teacht leis an taifead saoire. Ní fhéadfaidh an Roinn/an Bord Oideachais agus Oiliúna aon saoire atá taifeadta ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann a athrú ina dhiaidh sin, ach amháin sna himthosca is eisceachtúla.

7. Seicheamh na gCineálacha Saoire

7.1 Agus aird á tabhairt ar an teorainn ama dá dtagraítear i mír 2.2, is é seo a leanas an seicheamh nach mór cineálacha saoire a thógáil ann, i gcás go mbainfear leas as na cineálacha saoire seo:

a) **Saoire Mháithreachais:** I gcás go mbainfidh cúntóir riachtanas speisialta leas as a teidlíochtaí Saoire Máithreachais uile nó as aon chuid díobh, mar atá mionsonraithe thíos, ní mór na cineálacha saoire seo a leanas a thógáil roimh Shaoire Tuismitheora:-

i. Saoire Mháithreachais Reachtúil (suas go dtí 26 seachtaine as a chéile ar a mhéad)
ii. Saoire Mháithreachais Reachtúil fhadaithe i gcás breith réamhaibí (nuair is infheidhme)
iii. Saoire Mháithreachais Reachtúil Neamhíoctha bhreise (suas go dtí 16 seachtaine as a chéile ar a mhéad)

b) **Saoire Uchtaíoch:** I gcás go mbainfidh cúntóir riachtanas speisialta leas as a t(h)eidlíochtaí Saoire Uchtaíche uile nó as aon chuid díobh, mar atá mionsonraithe thíos, ní mór na cineálacha saoire seo a leanas a thógáil roimh Shaoire Tuismitheora:-

i. Saoire Uchtaíoch Reachtúil (suas go dtí 24 seachtaine as a chéile ar a mhéad)
ii. Saoire Uchtaíoch Reachtúil Neamhíoctha bhreise (suas go dtí 16 seachtaine as a chéile ar a mhéad).

c) **Saoire Atharthachta aistrithe:** I gcás go mbainfidh cúntóir riachtanas speisialta leas as Saoire Atharthachta aistrithe, ní mór an tsaoire sin a thógáil roimh Shaoire Tuismitheora.

d) **Saoire Tuismitheora Mharthanaigh:** I gcás go dtiocfaidh tuismitheoir marthanach chun bheith i dteideal cineálacha Saoire Máithreachais nó Uchtaíche ar bhás na máthar (faoi na hAchtanna um Shaoire Mháithreachais agus um Shaoire Uchtaíoch), ní mór an tsaoire sin a thógáil roimh Shaoire Tuismitheora.

e) **Saoire Atharthachta/Saoire do Thuismitheoirí:** I gcás go mbainfidh cúntóir riachtanas speisialta leas as Saoire Atharthachta/Saoire do Thuismitheoirí, féadfaidh sé Saoire Atharthachta/Saoire do Thuismitheoirí agus Saoire Tuismitheora a thógáil in aon seicheamh is mian leis.

7.2 I gcás go mbainfear leas as na cineálacha saoire thuas, ní mór iad a thógáil de réir théarmaí agus coinníollacha na Scéimeanna Saoire aonair arna bhfoilsiú ag an Roinn.

8. Stádas le linn Saoire Tuismitheora

8.1 Meastar cúntóir riachtanas speisialta atá ar Shaoire Tuismitheora, chun gach críche, a bheith fostaithe ag an am sin, seachas chun críche aoisliúntais agus chun críche luach saothair. Is ináirithe go hiomlán atá Saoire Tuismitheora chun críocha sinsearachta agus dul chun cinn ar an scála tuarastail bhreisíoch.

9. Cúntóir Riachtanas Speisialta Ionaid

9.1 Féadfaidh an fostóir cúntóir riachtanas speisialta ionaid a cheapadh, ar duine é/í a n-íocfaidh an Pámháistir leis/léi, le linn do chúntóir riachtanas speisialta bheith as láthair ar Shaoire Tuismitheora. Ní mór don fhostóir an ceapachán sin a thaifeadadh ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann.

9.2 In aon chonradh a bhronntar ar chúntóir riachtanas speisialta ionaid, ba cheart tagairt shoiléir a dhéanamh don fhíric gur féidir go mbeidh sé riachtanach an ceapachán a fhoirceannadh i gcás go bhfillfidh an cúntóir riachtanas speisialta atá ar Shaoire Tuismitheora ar an áit oibre níos luaithe ná mar a bhíothas ag súil leis nó i gcás go ndéanfaidh cúntóir riachtanas speisialta an t-iarratas uaidh/uaithi ar Shaoire Tuismitheora a chúlghairm.

10. Fostaíocht le linn Saoire Tuismitheora a Thógáil

10.1 Ní fhéadfaidh cúntóir riachtanas speisialta atá ag baint leas as Saoire Tuismitheora gabháil d'aon chineál fostaíochta íoctha.

11. Saoire Tuismitheora a thosú de bharr luí seoil luath

11.1 I gcás go dtarlóidh an bhreith nó an suíomh ceithre seachtaine nó níos mó roimh an dáta breithe ionchais nó an lá suímh ionchais, tabharfaidh an cúntóir riachtanas speisialta fógra don fhostóir faoi sin láithreach agus measfar gur chomhlíon sé/sí an tréimhse um fhógra a thabhairt i gcás go mbeidh sé beartaithe aige/aici Saoire Tuismitheora a thógáil ag an am sin. Ní mór an fógra foirmiúil i scríbhinn a thabhairt laistigh de sheacht lá dar tús an dáta breithe nó an lae suímh.

12. Saoire Tuismitheora a chur ar atráth i gcás go mbeidh an Dáta Breithe nó an Lá Suímh níos déanaí ná mar a bhíothas ag súil leis

12.1 Más rud é go dtitfidh an dáta breithe tar éis dháta tosaithe beartaithe na Saoire Tuismitheora nó go gcuirfear an lá suímh ar atráth, beidh an cúntóir riachtanas speisialta i dteideal dáta eile a roghnú ar a dtosóidh an tSaoire Tuismitheora, ar choinníoll go dtitfidh na dátaí roghnaithe laistigh den chreat ama atá leagtha amach i mír 2.2 go fóill.

12.2 Ní mór iarratas ar chur ar atráth a dhéanamh i scríbhinn chuig an bhfostóir. Ceanglófar ar an gcúntóir riachtanas speisialta Foirm Iarratais nua in Aguisín A a chomhlánú do na dátaí nua-roghnaithe.

13. Saoire Tuismitheora a Chur ar Atráth de bharr an Leanbh a Bheith san Ospidéal

13.1 I gcás go gcuirfear an leanbh san ospidéal, féadfar iarraidh a dhéanamh chuig an bhfostóir ar Shaoire Tuismitheora a chur ar atráth.

13.2 I gcás go gcuirfear Saoire Tuismitheora ar atráth, beidh ar an gcúntóir riachtanas speisialta atá as láthair dualgais a atosú sa scoil le linn thréimhse an chuir ar atráth.

13.3 Ní mór iarratas ar chur ar atráth a dhéanamh i scríbhinn chuig an bhfostóir agus ní mór deimhniú ón ospidéal a bhfuil an leanbh ann a chur isteach ina theannta. Ní mór don fhostóir fógra i scríbhinn faoin gcinneadh uaidh a thabhairt don chúntóir riachtanas speisialta a luaithe is féidir. I gcás go gcuirfear an tsaoire ar atráth, ní mór don fhostóir agus don chúntóir riachtanas speisialta dáta an fhillidh ar an obair a chomhaontú.

13.4 Ní mór don chúntóir riachtanas speisialta litir nó doiciméad cuí eile ón ospidéal nó ó dhochtúir an linbh ina ndeimhnítear an dáta a scaoileadh an leanbh amach a thabhairt don fhostóir.

13.5 Ní mór an tsaoire atá curtha ar atráth a thógáil i dtréimhse leanúnach amháin a thosóidh tráth nach déanaí ná seacht lá tar éis an leanbh a scaoileadh amach ón ospidéal nó aon dáta eile a chomhaontóidh an cúntóir riachtanas speisialta leis an bhfostóir. Is é sé mhí an tréimhse uasta ar ar a feadh a fhéadfar Saoire Tuismitheora a chur ar atráth.

13.6 I gcás go dtiocfaidh tinneas ar an gcúntóir riachtanas speisialta tar éis dó/di filleadh ar an obair agus roimh dó/di an tSaoire Tuismitheora atá curtha ar atráth a thógáil, measfar gur thosaigh sé/sí an tsaoire atá curtha ar atráth ar an gcéad lá den neamhláithreacht de bharr tinnis ach amháin i gcás go dtabharfaidh an cúntóir riachtanas speisialta fógra don fhostóir nach mian leis/léi an tsaoire atá curtha ar atráth a thosú. I gcás go dtarlóidh sé sin, géillfidh sé/sí an tsaoire atá curtha ar atráth agus déileálfar leis an neamhláithreacht mar Shaoire Bhreoiteachta. Ba cheart cloí ansin leis na gnáthnósanna imeachta maidir le Saoire Bhreoiteachta, lena n-áirítear deimhniú dochtúra a thabhairt nuair is cuí.

14. Saoire Tuismitheora á Cur ar Atráth ag an bhFostóir

14.1 I gcás go dtabharfaidh cúntóir riachtanas speisialta an fógra is gá faoin rún atá aige/aici leas a bhaint as Saoire Tuismitheora agus gur deimhin leis an bhfostóir go ndéanfaidh tógáil na saoire ag an dáta tosaithe beartaithe mórdhochar d'oibriú na scoile de bhíthin na nithe seo a leanas:-

a) deacracht a bhaineann le cúntóir riachtanas speisialta ionaid a fháil ar feadh thréimhse na neamhláithreachta
b) athruithe séasúracha
c) aon nithe iomchuí eile

Ní mór don fhostóir fógra i scríbhinn a thabhairt don chúntóir riachtanas speisialta tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine roimh an dáta tosaithe beartaithe, ar fógra é ina n-achoimreofar na forais leis an tSaoire Tuismitheora a chur ar atráth. Ní mór don fhostóir cóip den fhógra sin a choinneáil.

14.2 Sula dtabharfaidh sé an fógra sin, ní mór don fhostóir dul i gcomhairle leis an gcúntóir riachtanas speisialta i ndáil le cur ar atráth beartaithe na Saoire Tuismitheora.

14.3 Ní fhéadfaidh an fostóir tús na Saoire Tuismitheora a chur ar atráth ar feadh tréimhse is faide ná 12 sheachtain tar éis an dáta tosaithe bheartaithe, mar a bheidh sonraithe san fhógra iomchuí.

14.4 Ní fhéadfaidh an fostóir tréimhse Saoire Tuismitheora a chur ar atráth níos mó ná uair amháin.

15. Teidlíocht i leith Saoire Tuismitheora ar Bhás Tuismitheora Iomchuí

15.1 I gcás go bhfaighidh an tuismitheoir iomchuí bás ar dhul in éag don tréimhse teidlíochta nó roimhe sin, aistreofar teidlíocht i leith Saoire Tuismitheora, nó aon chuid atá fágtha den teidlíocht sin, chuig an tuismitheoir marthanach.

15.2 Sna himthosca sin, agus i gcás gur cúntóir riachtanas speisialta é/í an tuismitheoir marthanach, ní mór dó/di fógra i scríbhinn a thabhairt don fhostóir faoi na nithe seo a leanas, tráth nach déanaí ná sé seachtaine roimh an lá ar a dtosóidh an tSaoire Tuismitheora aistrithe:-

- fógra faoi bhás an tuismitheora iomchuí
- fógra faoin rún atá aige/aici an tSaoire Tuismitheora aistrithe a thógáil
- fógra faoi fhad na saoire a chreideann sé/sí go bhfuil sé/sí i dteideal a fháil, agus
- cóip den teastas báis a thabhairt i gcás go n-iarrfaidh an fostóir é.

16. Teidlíocht i leith Saoire Tuismitheora ar Bhás an Linbh

16.1 I gcás go bhfaighidh an leanbh bás ar dhul in éag don tréimhse teidlíochta nó roimhe sin, beidh an tuismitheoir iomchuí fós i dteideal Saoire Tuismitheora.

17. Teidlíochtaí Saoire do Cheapacháin Téarma Shocraithe/Chuspóra Shocraithe

17.1 Aon chúntóir riachtanas speisialta atá ar chonradh fostaíochta téarma shocraithe/cuspóra shocraithe, beidh lánteidlíochtaí aige/aici i leith Saoire Tuismitheora le linn théarma an chonartha. I gcás go ndeonófar nó go dtógfar saoire den sórt sin, níor cheart aon difear a dhéanamh don cheapachán téarma shocraithe/cuspóra shocraithe ná do cheapachán den sórt sin a athnuachan.

18. Asbhaintí Deonacha

18.1 Scoirfear d'asbhaintí deonacha a dhéanamh ón tuarastal a luaithe a thosóidh cúntóir riachtanas speisialta aon chineál saoire neamhíoctha. Le linn do chúntóir riachtanas speisialta bheith ar shaoire neamhíoctha, coinneofar mionsonraí faoi na hasbhaintí deonacha ar a t(h)aifead párolla. Tosófar ar aon asbhaintí a rinneadh roimh shaoire neamhíoctha an chúntóra riachtanas speisialta a dhéanamh an athuair a luaithe a fhillfidh sé/sí ar an bpárolla. Déanfar amhlaidh ach amháin i gcás go n-iarrfaidh an cúntóir riachtanas speisialta ar an ngníomhaireacht asbhaintí scor d'asbhaintí a dhéanamh ar dháta ar leith. Ní dhéanfaidh an Pámháistir aon

asbhaint i leith aon mhéideanna carntha neamhíoctha a bheidh ann le linn na saoire neamhíoctha.

18.2 Tá sé de fhreagracht ar an gcúntóir riachtanas speisialta atá ag baint leas as saoire neamhíoctha, agus air/uirthi amháin, a chinntiú nach rachaidh asbhaintí deonacha ag an bhfoinse i léig, amhail síntiúis cheardchumainn, asbhaintí comhair creidmheasa, etc.

18.3 Níl an Pámháistir faoi dhliteanas i leith dul i léig polasaithe de chineál ar bith. Is féidir tuilleadh mionsonraí maidir le hasbhaintí deonacha a fháil ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag gov.ie. Ba cheart do chúntóirí riachtanas speisialta atá fostaithe ag Boird Oideachais agus Oiliúna teagmháil a dhéanamh lena bhfostóir ina leith sin.

18.4 Ní mór aon iarmhéideanna atá le híoc ag cúntóir riachtanas speisialta atá páirteach sa Scéim Rothaíochta chun na hOibre nó sa Scéim Pas Taistil a ghlanadh roimh an bpárolla deiridh i nDeireadh Fómhair na bliana féilire inar thosaigh sé/sí ar pháirt a ghlacadh sa scéim.

19. Comhlíonadh

19.1 Is faoi na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe a fhéadfar déileáil le haon mhainneachtain cloí leis na rialacháin agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Chiorclán seo, agus is féidir go dtarraingeofar cumhdach ionaid siar do scoileanna dá bharr sin.

20. Cosaint Sonraí

20.1 I dteannta na dtaifead pearsanra lena mbaineann, ní mór don fhostóir na doiciméid uile a bhaineann le Saoire Tuismitheora a choinneáil in áit shlán shábháilte agus ar aon dul le beartas cosanta sonraí an fhostóra agus leis na rialacháin chosanta sonraí. Féadfar na taifid sin a roghnú lena n-iniúchadh ag oifigigh ainmnithe de chuid na Roinne.

Aguisín A - Foirm Iarratais ar Shaoire Tuismitheora

Ba cheart an Fhoirm Iarratais a chomhlánú go hiomlán agus a chur isteach chuig an bhfostóir sé seachtaine ar a laghad roimh an dáta tosaithe beartaithe. I gcás iarratas ar thréimhsí ar leith de Shaoire Tuismitheora, féadfaidh an cúntóir riachtanas speisialta Foirm(eacha) Iarratais ar leith a chur isteach, i gcás nach mbeidh na dátaí iomchuí uile cinnte tráth an iarratais tosaigh.

CUID 1A - IARRATAS AN CHÚNTÓRA RIACHTANAS SPEISIALTA

Ainm an CRS: _____ Uimhir Theagmhála: _____

Seoladh Baile: _____

Seoladh Ríomhphoist: _____

UPSP: _____

Ainm na Scoile: _____ Uimhir Rolla: _____

CUID 1B – MIONSONRAÍ AN LINBH/NA LEANAÍ

Iarratas ar Shaoire Tuismitheora i leith:

Ainm an Linbh/na Leanaí:	**Dáta Breithe/Dáta Suímh:**

Na doiciméid a ghabhann leis an iarratas seo (cuir tic leis an mbosca cuí):

□ Deimhniú Dochtúra ina dtaispeántar an dáta breithe ionchais (nuair is iomchuí)
□ Teastas Breithe an linbh/na leanaí iomchuí
□ Deimhniú Suímh don leanbh iomchuí/do na leanaí iomchuí (i gcás uchtála)
□ Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta (i gcás uchtáil choigríche)

CUID 1C – MIONSONRAÍ FAOIN tSAOIRE TUISMITHEORA

Patrún beartaithe na Saoire Tuismitheora mar a leanas (an dá dháta seo san áireamh):

Ón _____ go dtí an _____

Ón _____ go dtí an _____

Ón _____ go dtí an _____

Ón _____ go dtí an _____

Ón _____ go dtí an _____

Ón _____ go dtí an _____

Ón _____ go dtí an _____

Ón _____ go dtí an _____

Ón _____ go dtí an _____

Dearbhú
Is mian liom iarratas a dhéanamh ar Shaoire Tuismitheora i gcomhréir leis an Scéim Saoire Tuismitheora atá leagtha amach i gCiorclán 0059/2024 dar teideal '*An Scéim Saoire Tuismitheora do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna Aitheanta*'.

Deimhním gur fíor agus cruinn atá an fhaisnéis atá tugtha san iarratas.

Síniú an CRS: _____ Dáta: _____

Ráiteas Príobháideachta maidir le Cosaint Sonraí

Is é an príomhchuspóir ar ina leith a cheanglaíonn an Roinn ort na sonraí pearsanta sin a thabhairt do d'fhostóir ná chun cabhrú le d'iarratas ar Shaoire Tuismitheora a phróiseáil. Coinneoidh d'fhostóir d'fhoirm iarratais agus do dhoiciméid tionlacain i gcomhréir lena bheartas Cosanta Sonraí. Beidh tuilleadh faisnéise maidir leis an mbeartas sin ar fáil ach í a iarraidh ó d'fhostóir.

Is féidir an Fógra Príobháideachta ina dtugtar tuilleadh faisnéise maidir leis an bhFoirm Iarratais seo a fháil ag gov.ie. Tá mionsonraí iomlána faoi bheartas Cosanta Sonraí na Roinne ar fáil ag gov.ie, áit a leagtar amach an dóigh a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta agus a dtugtar faisnéis maidir leis na cearta atá agat mar ábhar sonraí. Tá mionsonraí faoin mbeartas sin ar fáil i gcóip chrua freisin ón seoladh seo ach iad a iarraidh: An Rannán Téarmaí agus Coinníollacha - Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659.

CUID 3 – AN CINNEADH ÓN bhFOSTÓIR

Deimhním gur cheadaigh mé an t-iarratas ar Shaoire Tuismitheora/gur dhiúltaigh mé don iarratas ar Shaoire Tuismitheora (scrios de réir mar is cuí) i gcomhréir leis an Scéim Saoire Tuismitheora atá leagtha amach i gCiorclán 0059/2024 dar teideal *'An Scéim Saoire Tuismitheora do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna Aitheanta'*. Coinneofar na doiciméid seo a leanas chun críocha iniúchóireachta:

1) Foirm Iarratais ar Shaoire Tuismitheora ☐

2) Cóip den Teastas Breithe/Fianaise ar an dáta uchtála/an tOrdú Uchtála don leanbh iomchuí ☐

3) Cóip den Doiciméad Deimhniúcháin arna eisiúint chuig an gcúntóir riachtanas speisialta ☐

4) Cóip den Fhógra Cinnidh arna eisiúint chuig an gcúntóir riachtanas speisialta ☐

Taifeadadh an tSaoire Tuismitheora ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann ☐

Síniú: _____ Dáta: _____
(Fostóir)

NÍOR cheart an Fhoirm Iarratais/Doiciméid Tacaíochta a chur isteach chuig an Roinn Oideachais. Ba cheart iad a choinneáil sa scoil/sa Bhord Oideachais agus Oiliúna mar aon le haon doiciméid ábhartha eile chun críocha taifid a choinneáil agus chun críocha iniúchóireachta i dteannta na dtaifead pearsanra lena mbaineann.